
# Cairt Chustaiméirí 2017




@dublinbusnews



Bus Átha Cliath

## Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Ár dtiomantas duits | 6 |
| Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar | 6 |
| Caitheamh go cothrom lenár gcustaiméirí go léir agus freastal ar éagsúlacht | 7 |
| Sábháilteacht agus slándáil | 7 |
| D'aistear | 8 |
| Earraí caillte | 9 |
| Thú a choimeád ar an eolas | 9 |
| Seirbhís inrochtana a sholáthar | 10 |
| Custaiméirí a bhfuil bugaithe acu | 10 |
| Ag íoc as d'aistear | 11 |
| Cárta Leap | 11 |
| Luach ar airgead a sholáthar | 12 |
| An Scéim Saorthaistil | 12 |
| Táille chaighdeánach | 12 |
| Cabhrú leis an timpeallacht | 13 |
| Do chuid tuairimí agus fiosrúchán | 14 |




## Bus Átha Cliath – Cairt Chustaiméirí 2017

A chustaiméir dhil, a chara,

Fáilte chuig Cairt Chustaiméirí Bhus Átha Cliath, ina ndéantar cur síos ar ár dtiomantas do sheirbhís do chustaiméirí. Tá an méid seo ar aon dul leis na cuspóirí agus na spriocanna faoinár gconradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI).


Déanaimid monatóireacht leanúnach ar ár ndul chun cinn chun caighdeáin lena gcomhaontaítear a bhaint amach go rialta ar ár láithreán gréasáin féin, www.dublinbus.ie, agus ar láithreán gréasáin an ÚNI, www.nationaltransport.ie.

Mar chuid dár dtiomantas do sheirbhís do chustaiméirí, tá monatóireacht leanúnach á déanamh againn ar an líonra agus leasuithe á ndéanamh againn chun oiriúint níos fearr do riachtanais ár gcustaiméirí.

Is deas linn i gcónaí dearcthaí ár gcustaiméirí a chloisteáil ar conas is féidir linn feabhas breise a chur ar chaighdeán agus sábháilteacht ár seirbhíse. Inis dúinn, le do thoil, cad a cheapann tú trí ríomhphost a sheoladh chugainn ag customercomment@dublinbus.ie nléigh an chairt seo chun teacht ar bhealaí eile chun teagmháil a dhéanamh linn.

Cabhróidh aon fhaisnéis is féidir leat a thabhairt linn chun feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid duit.

Le dea-mhéin,



Ray Coyne
Príomhfheidhmeannach
Bus Átha Cliath
Eanáir 2017

## 1. Ár dtiomantas duit

Is aidhm do Bhus Átha Cliath seirbhís bhus atá sábháilte, iontaofa agus inrochtana a sholáthar dár gcustaiméirí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (MCBÁC).
Inár gCairt Chustaiméirí leagtar síos na caighdeáin agus na spriocanna atá againn agus faoi conas a sholáthróimid iad.

Tabharfaimid faoi:

- seirbhís inrochtana bhus a sholáthar
- eolas soiléir agus cruinn ar na seirbhísí a sholáthar
- caitheamh go cothrom le gach duine, gan aird ar inscne,
- stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis,
- creideamh, aois, cine nó más duine den Lucht Taistil é/í,
- freagraí a thabhairt ar do chuid ceisteanna
- leanúint den teicneolaíocht nua agus áiseanna
- nua-aimseartha a úsáid chun ár seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú

Déanaimid monatóireacht leanúnach ar ár ndul chun cinn chun ár gcaighdeáin agus spriocanna a bhaint amach. Foilsítear na torthaí ar láithreán gréasáin an ÚNI; www.nationaltransport.ie.

Cuirimid fáilte roimh aon tuairim a d'fhéadfadh a bheith agat maidir leis an gCairt Chustaiméirí seo. Déanfaimid athbhreithniú gach bliain ar an gcáipéis seo lena chinntiú go bhfuil sé ag freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí.

## 2. Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar

Tá sé mar aidhm againn seirbhís iontaofa a sholáthar. Fágfaidh ar a laghad 95% de na busanna laistigh de chúig nóiméad ón am imeachta fógartha. Ní fhágfaidh busanna an stáisiún go luath, mura bhfuil cúis mhaith sábháilteachta nó seirbhíse leis.

Déanaimid ár seacht ndícheall na seirbhísí a oibriú agus a choimeád de réir an amchláir sceidealta. D'fhéadfadh, áfach, rudaí titim amach nach bhfuil smacht againn orthu a chuirfeadh isteach ar na seirbhísí, ar nós dálaí bóthair toisc drochaimsire agus atreorú tráchta nó cur isteach ar an trácht. Déanfaimid athbhreithniú rialta ar an tseirbhís bhus a chuirimid ar fáil agus éistfimid lenár gcustaiméirí nuair a bhíonn athruithe á ndéanamh againn. Cuirfear béim ar na seirbhísí a fheabhsú más indéanta de réir úsáid ár gcustaiméirí aisti.

Déanfaimid deimhin de go mbíonn uimhir an bhealaigh agus an ceann scríbe ceart ar taispeáint ar 95% dár mbusanna, ar a laghad. Nuair a bhíonn busanna ag taisteal go dtí ceann aistir chun seirbhís ar bhealach a thosú, taispeánfar "Seirbhís á Tosú".

Beidh gach fostaí dea-bhéasach agus cabhrach leat.  Beidh na tiománaithe agus na cigirí so-aitheanta agus caithfidh siad éide iomlán na cuideachta.

## 2.1 Caitheamh go cothrom lenár gcustaiméirí go léir agus freastal ar éagsúlacht

Táimid tiomanta do sheirbhís ar ardchaighdeán atá oiriúnach dár gcustaiméirí ar fad agus seirbhís a sholáthar ina gcuirtear an comhionannas chun cinn, ina ndéantar freastal ar an éagsúlacht agus ina gcinntítear an neamh-idirdhealú i measc ár bhfostaithe agus ár gcustaiméirí. Ní ghlacfaimid le haon idirdhealú bunaithe ar inscne, aois, míchumas, cineál, creideamh, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh nó ballraíocht de phobal an Lucht Siúil.

## 2.2 Sábháilteacht agus slándáil

Tá do shábháilteacht agus sábháilteacht ár bhfostaithe ríthábhachtach dúinn. Ar mhaithe le do chuid slándála agus

le slándáil ár dtiománaithe, tá ceamaraí CCTV feistithe inár mbusanna.  Tá breis 12 cheamara ar bhord na mbusanna a tugadh isteach san fhlít ó 2012. Cuirimid fógraí sábháilteachta agus slándála ar fáil ar bhusanna atá éasca le haithint.

Cuirfidh gach tiománaí de chuid Bhus Átha Cliath do chuid sábháilteachta agus compoird san áireamh nuair a bhíonn siad ag tiomáint. Tá Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla ag ár dtiománaithe uile. Soláthraímid oiliúint leanúnach chun a chinntiú go gcomhlíonann siad caighdeáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre. Déanfaimid athbhreithniú go leanúnach ar theicnící foghlama agus tiomána nua-aimseartha lenár dtiománaithe a chumasú chun tú a thabhairt go dtí do cheann scríbe go sábháilte, in am trátha agus ar bhealach cúirtéiseach.

## 2.3 D'Aistear

Tá sé mar aidhm againn seirbhís a sholáthar atá compordach dár gcustaiméirí uile. Tá cosc ar chaitheamh tobac agus alcól a ól agus toitíní leictreonacha a úsáid ar an mbus.

Le go mbeimid in ann seirbhís bhus ar ardchaighdeán a sholáthar, iarraimid ort:

- ligean do phaisinéirí an bus a fhágáil sula dtéann tú féin ar bord an bhus
- cinntiú go bhfuil an táille cheart agat do do thuras sula dtéann tú ar an mbus
- greim a choimeád ar na ráillí láimhe nuair atá tú i do sheasamh nó ag siúl ar an mbus
- úsáid a bhaint as an raca bagáiste atá ar fáil agus gan bagáiste a fhágáil sna pasáistí ná ar na suíocháin
- bheith cúirtéiseach leis na paisinéirí eile
- cinntiú nach bhfuil do chluasáin ná do chomhrá ar an
- nguthán póca ró-ard

- bheith cúirtéiseach leis an tiománaí agus a gcuid treoracha a leanúint maidir le cúrsaí oibríochta
- gan bheith ag caint ná ag cur isteach ar an tiománaí fad a bhíonn an bus ag gluaiseacht (ach amháin i gcás éigeandála)
- gan do chosa a chur in airde ar na suíocháin
- gan an líne bhán a thrasnú nuair atá an bus ag gluaiseacht

Cinntímid go nglanfar na busanna gach lá ar an taobh istigh agus amuigh sula gcuirtear ar seirbhís iad. Glantar uair sa lá gach áit phoiblí i bhfoirgnimh Bhus Átha Cliath.

Scrúdóimid ár mbusanna go rialta chun a chinntiú go bhfuil an soilsiú, teas agus aeráil ag oibriú i gceart.

## 2.4 Earraí caillte

Déantar aon rud a aimsítear ar bhus a thabhairt go dtí Oifig na nEarraí Caillte laistigh de lá oibre amháin agus beidh sé ann lena bhailiú tar éis 2.00pm ar an lá sin. Gearrtar táille €2.00 ar gach earra a bhailítear chun íoc as ár gcostais maidir le bainistiú shaoráid na n-earraí caillte.

## 3. Thú a choimeád ar an eolas

Foilsítear gach amchlár bus ar ár láithreán gréasáin; www.dublinbus.ie.

Nuair a athraímid amchlár nó bealach, cuirfimid ar an eolas thú trí na hathruithe cuí a fhógairt sna nuachtáin náisiúnta agus áitiúla, sa chás gur cuí, agus ar ár láithreán gréasáin ar a laghad deich lá oibre sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm.

Cinntímid go dtaispeántar eolas cruinn amchláir ar 98%, ar a laghad, de na príomhstadanna bus ar a dtugtar eolas.

Cinntímid go gcuirtear ardleibhéal d'eolas cruinn fíor-ama ar fáil ar ár n-aip, láithreán gréasáin agus fógraí sráide. Baineann fógraí sráide cruinneas 96% nó níos airde amach.

Déanfar fógraí fuaime ar gach bus as Béarla agus as Gaeilge a chuireann ar an eolas thú ar an gcéad stad bus eile.

Cuirfimid faisnéis faoi tháillí in airde ar ár suíomh gréasáin www.dublinbus.ie freisin. Nuair a bhíonn aon táille á hathrú againn, cuirfimid ar an eolas thú ar a laghad deich lá oibre sula dtiocfaidh an t-athrú i bhfeidhm.

## 4. Seirbhís inrochtana a sholáthar

Táimid tiomanta do chabhrú le gach duine ár gcuid seirbhísí a úsáid. Mar chuid den tionscadal seo:

- tá urláir ísle ar ár mbusanna atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí
- tá spás amháin i ngach bus curtha in áirithe do chathaoir rothaí
- i mbusanna níos nua, tá spás do chathaoir rothaí agus spás do bhugaí
- déantar fógraí fuaime ar gach bus a chuireann ar an eolas
- thú faoin gcéad stad bus eile
- tá áis i ngach bus inar féidir an crochadh a ísliú le
- rampa imlonnaithe
- tá formhór ár stadanna bus inrochtana do chathaoir rothaí
- tá ár n-oifigí phoiblí inrochtana
- soláthraímid faisnéis ar ár gcuid seirbhísí uile

Cuirimid Scéim um Chúnamh Taistil ar fáil a bhfuil de chuspóir aige cabhair a thabhairt do chomaitéirí úsáid neamhspleách a bhaint as Bus Átha Cliath, an DART agus

Luas. Rachaidh cúntóir oilte in éineacht le custaiméirí a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu, lagú céadfach orthu nó atá faoi mhíchumas foghlama an chéad chúpla babhta a thaistealaíonn siad agus cuirfidh siad comhairle orthu maidir le hiompar poiblí a úsáid.  Is seirbhís saor in aisce í seo agus cuirtear ar fáil í do chustaiméirí atá 18 mbliana d'aois nó níos sine.

## 4.1 Custaiméirí a bhfuil bugaithe acu

Tá líon teoranta spásanna le haghaidh bugaí oscailte ar ár mbusanna agus is éagsúil a bheidh seo ag brath ar dhearadh na feithicle.  Tugtar tús áite d'úsáideoirí cathaoir rothaí don spás do chathaoir rothaí, má bhíonn bugaí ar an mbus.
Má bhíonn an spás á úsáid, stóráil an bugaí, le do thoil, go sábháilte sa limistéar bagáiste agus cuir an leanbh ina suí ar do ghlúin. Má bíonn an spás folamh, fág do leanbh sa bhugaí, cuir an bugaí sa spás oscailte, beir greim ar an mbugaí agus tú i do shuí nó i do sheasamh taobh leis. Iarrfaidh an tiománaí ort an bugaí a fhilleadh ar a chéile más mian le húsáideoir cathaoir rothaí teacht ar bord an bhus.

Leanfaimid orainn ag iarraidh a chinntiú go mbíonn teacht gan stró ar ár seirbhísí. Táimid mar bhall de ghrúpa oibre inrochtaineachta a thagann le chéile gach ráithe ar a bhfuil ionadaithe ó ghrúpaí éagsúla d'úsáideoirí, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill agus Cumann na hÉireann um Madraí Treorach ina measc.

## 5. Ag íoc as d'aistear

Is féidir leat íoc as d'aistear le hairgead tirim nó le Cárta Leap.
Más ag íoc le hairgead tirim atá tú, iarraimid ort:
• insint don tiománaí cá bhfuil tú ag dul
• an táille chruinn a bheith ullamh agat i mboinn
• do thicéad a choimeád lena sheiceáil

Tá córas táille cruinne i bhfeidhm ar bhusanna (seachas Airlink agus Turais Bhus Átha Cliath). Má íocann tú an iomarca airgid as d'aistear, eisítear admháil sóinseála duit ar féidir airgead a fháil air ach é a thabhairt go dtí Oifig na dTicéad, Ceannoifig Bhus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1.

## 5.1 Cárta Leap

Is féidir Cárta Leap a úsáid chun íoc as d'aistear nuair a thaistealaíonn tú ar ár seirbhísí go léir, Airlink, Xpresso agus Nitelink ina measc. Is féidir é a úsáid ar Luas, an DART agus ar sheirbhísí Iarnróid Chomaitéireachta. Tá Cártaí Leap ann do Dhaoine Fásta, Leanaí agus Mic Léinn. Is féidir leat creidmheas taistil agus táirgí ticéid a lódáil ar do Chárta Leap agus ceachtar díobh a úsáid chun íoc as  d'aistear bus.

Is féidir Cártaí Leap a cheannach ar líne ag www.leapcard.ie nó ag aon cheann de na 500 siopa Chárta Leap timpeall na cathrach.  Chun teacht ar bhreis eolais, tabhair cuairt ar www.dublinbus.ie.

## 5.2 Luach ar airgead a sholáthar

Féadfaidh custaiméirí a mhéid le 20% a shábháil le Cárta Leap i gcomparáid leis na táillí airgid a ghearrtar agus is bealach áisiúil sábháilte é chun íoc as d'aistear ar Bhus Átha Cliath, Luas nó an DART agus seirbhísí Iarnróid Chomatéireachta gan airgead tirim a úsáid. Chun teacht ar bhreis eolais, tabhair cuairt ar www.leapcard.ie

Is féidir le custaiméirí méid mór airgid a shábháil le Scéim Spárála Cánach na dTicéad Comaitéireachta. Faoin scéim seo, soláthraíonn fostóirí ticéid chomaitéireachta bus agus traenach dá bhfostaithe agus iad ag spáráil ar íocaíochtaí ÁSPC an fhostóra. Is féidir le fostaithe a ghlacann páirt sa

scéim na ticéid seo a fháil ar lascaine. Is féidir idir 31% agus 52% a shábháil.  Tá breis eolais ar fáil ag www.taxsaver.ie

## 5.3 An Scéim Saorthaistil

Má tá tú 66 bliain d'aois nó níos sine agus buanchónaí ort sa stát, ligtear duit faoin Scéim Saorthaistil taisteal saor in aisce ar fhormhór sheirbhísí CIÉ agus ar sheirbhísí taistil phoiblí a thairgeann an-chuid oibreoirí príobháideacha ar fud na tíre. Cuireann an scéim Cárta Seirbhíse Poiblí (CSP) ar fáil do gach rannpháirtí incháilithe a úsáidtear chun go soláthrófar an tsaoráid saorthaistil dóibh.

Ní mór do CSP a bheith in ann an pas a thaispeáint ag am ar bith le linn a n-aistir.  Ní bailí don phas ar na seirbhísí seo a leanas de chuid Bhus Átha Cliath: Turais Radhairc, Nitelink (Bus Oíche), Airlink, seirbhísí speisialta bus agus ní féidir iad a úsáid do thaisteal eagraithe do ghrúpa ar aon seirbhís.

## 5.4 Táille chaighdeánach

Mura bhfuil ticéad bailí agat, eiseofar táille chaighdeánach duit a chiallaíonn go mbeidh ort pionós €100 a íoc nó d'fhéadfaí thú a thabhairt os comhair cúirte agus d'fhéadfaí fíneáil €1000 a ghearradh ort. Má íocann tú an táille chaighdeánach laistigh de 21 lá óna eisiúint áfach, glacfaidh Bus Átha Cliath le híocaíocht laghdaithe €50.

Dlitear táille chaighdeánach a ghearradh ar chustaiméirí ar na cúiseanna seo a leanas, chomh maith:

- murar íoc tú an táille cheart do d'aois nó
- d'fhad do thurais
- mura bhfuil an Cárta Aitheantais Ghrianghraif riachtanach
- agat le Pas Taistil ón Roinn Coimirce Sóisialaí
- mura bhfuil Cárta Aitheantais Ghrianghraif CIÉ agat le do

- thicéad réamhíoctha do dhuine fásta, do scoláire nó do pháiste
- mura tusa an duine atá sa phictiúr ar an gCárta Seirbhíse Poiblí
- ag a bhfuil saoráid Saorthaistil.

## 6. Cabhrú leis an timpeallacht

Cruthaíonn busanna níos lú ná a leath d'astaíochtaí CO2 in aghaidh an chiliméadair phaisinéara i gcomparáid le  carranna. Táimid tiomanta dár n-astaíochtaí a laghdú trí choinneáil sna sála ar theicneolaíochtaí nua. Bíonn beartais i bhfeidhm i gcónaí lena chinntiú go gcomhlíonann ár mbusanna caighdeáin Eorpacha astaíochtaí.

Ní lenár bhflít amháin a bhaineann ár gcleachtais ghlasa ghnó. Is ball de Chlár Comhpháirtíochta Fuinnimh na hEarnála Poiblí de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) é Bus Átha Cliath. Táimid ag oibriú leis an SEIA ó 2008 ar roinnt cleachtais bhainistíochta fuinnimh inár 7 n-iosta agus tá laghdú dá réir tagtha ar chaitheamh leictreachais agus gáis. Tá Beartas Fuinnimh againn, ina theannta sin, a bhfuil mar aidhm leis an fheasacht ar fhuinneamh a ardú i measc fostaithe chun caitheamh fuinnimh a laghdú.

Léiríonn ár gcomhpháirtíocht leis an SEAI ár dtiomantas dár ról a chomhlíonadh chun sprioc an rialtais caitheamh fuinnimh na hearnála poiblí a laghdú 33% faoi 2020.

## 7. Do chuid tuairimí agus fiosrúchán

Is mór linn do thuairimí. Má bhíonn gearán nó moladh agat faoi conas is féidir linn feabhas a chur ar ár seirbhís, ba mhaith linn go gcuirfeá sinn ar an eolas ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ríomhphost: | customercomment@dublinbus.ie |
| guthán: | 01 8734222 |
| litir: | Aonad Tuairimí na gCustaiméirí |
| 59 Sráid Uí Chonaill | Uachtarach, Baile Átha Cliath 1. |
| i bpearsan: | Aonad Tuairimí na gCustaiméirí |
| 59 Sráid Uí Chonaill | Uachtarach, Baile Átha Cliath 1. |
| Twitter: | @Dublinbusnews |

Is féidir leat plé linn as Béarla nó as Gaeilge. Má scríobhann custaiméir litir nó r-phost chugainn as Gaeilge, freagrófar an té sin as Gaeilge. Le linn gnáthuaireanta oifige, tá sé mar aidhm ag ár bhfoireann nótaí tráchta custaiméirí freagra a thabhairt ar 90% de na glaonna gutháin, ar a laghad, laistigh de 60 soicind.

Nuair a bhíonn gearán á dhéanamh, iarrtar ar chustaiméirí a oiread sonraí is féidir a sholáthar, an méid seo a leanas ina measc:

- dáta agus am an taistil
- cláruimhir an bhus
- uimhir stad an bhus a ndeachaigh tú ar bord ann
- an treo ina raibh tú ag taisteal
- sonraí teagmhála

Pléitear faoi rún le gach cás. Aithneofar go bhfuarthas gach gearán a rinneadh ar r-phost an lá céanna a fuarthas é agus ansin déanfaidh Bus Átha Cliath é a fhiosrú, más cuí. Tá sé mar aidhm againn freagra iomlán a thabhairt laistigh de 7 lá, más féidir. Mura ndéantar sin, tabharfaimid freagra laistigh de 15 lá oibre.

Freagrófar na tuairimí, ceisteanna agus gearáin go léir a dhéantar ar Twitter laistigh de 1 uair an chloig.

Aithneofar i scríbhinn gach gearán a dhéantar i litir laistigh de 1 seachtain agus tabharfar freagra iomlán laistigh de 3

seachtaine. Mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra, féadfaidh tú scríobh chuig Ceann an nOibríochtaí a dhéanfaidh athbhreithniú ar do ghearán agus freagra a thabhairt air laistigh de 15 lá oibre óna fháil. Má tá tú míshásta leis an bhfreagra a fuair tú ó Bhus Átha Cliath, féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an Údarás Náisiúnta Iompair ag info@nationaltransport.ie agus déanfaidh siad do ghearán a fhiosrú.

Úsáidimid taighdeoirí margaidh neamhspleácha chun iniúchadh a dhéanamh ar conas atá ag éirí lenár seirbhís bhus agus chun do chuid tuairimí a fháil ina leith. Iarraimid ar ár bhfostaithe a gcuid tuairimí a sholáthar freisin i ndáil lenár seirbhís.

Leanfaimid ar aghaidh ag déanamh taighde ar thuairimí ár gcustaiméirí maidir lenár gcuid seirbhísí.

## Faisnéis teagmhála

Seirbhísí do Chustaiméirí
Aonad Tuairimí na gCustaiméirí
Bus Átha Cliath
Guthán: (01) 873 4222
Ríomhphost: customercomment@dublinbus.ie
Uaireanta Oscailte Gutháin:
Ó Luan go Satharn: 08.30 – 18.00
(seachas saoirí poiblí)

I bPearsan: Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1
Uaireanta Oscailte:

| | |
|---|---|
| Dé Luain: | 08.30 – 17.30 |
| Ó Mháirt go hAoine: | 09.00 – 17.30 |
| Dé Sathairn: | 09.00 – 14.00 |
| (seachas saoirí poiblí) | |
| Twitter: | @dublinbusnews |
| Facebook: | dublinbusnews |

## Faisnéis teagmhála

Ceann Oibríochtaí
Bus Átha Cliath
59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1
Guthán: (01) 703 3000
Ríomhphost: info@dublinbus.ie

Earraí Caillte
Oifig na nEarraí Caillte
Bus Átha Cliath, Plás an Iarla,
Baile Átha Cliath 1. Guthán: (01) 703 1321
Ó Luan go hAoine 08.45 – 17.00
(seachas saoirí poiblí)

An Scéim um Chúnamh Taistil
Oifigeach Inrochtaineachta
Bus Átha Cliath
59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1
Guthán: (01) 873 4222
Ríomhphost: travelassist@dublinbus.ie

Léirítear ar ár gCairt go bhfuilimid tiomanta do na caighdeáin is airde seirbhíse a sholáthar duit. Ní chuireann sé seo isteach ar do chuid, nó ar ár gcuid, cearta nó dualgais dhlíthiúla.

Anuas ar ár dtiomantas do sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar, cosnaítear do chearta custaiméara i Rialachán 181/2011 ón gCoimisiún Eorpach. Bronntar sa Rialachán seo cearta ar chustaiméirí a úsáideann iomparbus agus cóiste laistigh den Aontas Eorpach.

Dáta eisiúna 2017

Nótaí:

Nótaí:





**Ceannoifig Bhus Átha Cliath**
59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1.

An Rannóg Meán agus Cumarsáide:
communications@dublinbus.ie

www.dublinbus.ie
#dublinbusnews

**@dublinbusnews**

Tá an fhaisnéis seo cruinn amhail tráth na clódóireachta (Eanáir 2017)